

An Garda Síochána

Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail

Feasachán



R3 2018

Taighde le



Tá torthaí ardleibhéil ón dara ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2018 le fáil san fheasachán seo.

Fiafraíodh de dhaoine faoina mbraistintí i leith na coireachta; má bhain íospairt dóibh le bliain anuas, cé ar thuairiscigh nó nár thuairiscigh siad an choir sin, agus a sástacht leis an gcaoi ar chaith an Garda Síochána lena dteagmhas. Fiafraíodh d'fhreagróirí freisin dá leibhéal imní faoi bheith ina n-íospartaigh coireachta, dá bhfaiíos roimh an gcoireacht, chomh maith lena tionchar ar cháilíocht a mbeatha. Fiafraíodh díobh cén chineál coireachta ar chóir don Gharda áit tosaíochta a thabhairt dóibh ina dtuairim; cé chomh infheicthe is a bhíonn Gardaí ar patról ina gceantar áitiúil; chomh maith lena leibhéal iontaoibhe, sástachta, braistintí i leith caithimh chóir agus braistintí foriomlán i leith eagrais an Gharda.

Bhí an suirbhé deartha le bheith ar siúil ar bhonn leanúnach (déanann sé suirbhé ar dhaoine go leanúnach), le 1,500 duine á suirbhéireacht gach ráithe. Bailíodh na sonraí trí mheán agallamh inti aghaidh ar aghaidh. Bunaítear na torthaí ardleibhéil a thugtar san fheasachán seo ar shonraí ualaithe de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntachta.

Is suirbhé atá anseo ar shampla randamach den daonra; is amhlaidh dá réir is gá dúl glacadh leis go mbeidh lamháil earráide éigin ann. Táthar tar éis é sin a ríomh ag +/- faoin gcéad don sampla ráithiúil. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go méadaítear an lamháil earráide agus an anailís á déanamh ar choibhnis níos lú. Ba chóir an méid sin a thabhairt san áireamh nuair a dhéantar iniúchadh ar anailís i leith íospartaigh na coireachta. Ní shuimítear gach cairt ina n-úsáidítear céatadán chuig 100 faoin gcéad mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí. De réir na modheolaíochta in úsáid sa Tuarascáil Bliantúil 2017, críochnaíodh réamhanailís ar gach athróg chun cuidiú le comhréir na bhfreagraí éiginnte. Rinneadh cinneadh ansin ar chóir iad a fhágáil amach ó anailís dá éis sin. Baineadh gach maíomh diúltaithe agus maíomh inár léiríodh éiginnteacht ón anailís


má chomhdhéanann siad níos lú ná 10% de na freagraí ag gach pointe tomhais. I gcásanna ina raibh iomlán na bhfreagraí éiginnte comhionann le 10% nó níos mó de freagraí na bhfreagróirí, léirítear anailís leis agus gan na freagraí sin ar mhaithe le hiomláine nó nuair a mheastar gur gá comparáidí ábhartha a dhéanamh. Déantar monatóireacht leanúnach ar na freagraí éiginnte chun a chinntiú go gcoinnítear cáilíocht na sonraí. Ní féidir anailís a thabhairt ar an gcohort 16 agus 17 bliain d'aois ar bhonn ráithiúil toisc go bhfuil an sampla ró-bheag.

Déimeagrafaic


Comhdhéanann an sampla 1,500 duine fásta atá 18 bliain d'aois ar a laghad.

CLÁR ÁBHAIR


- 2 Braistintí faoi choireacht
- 2 Íospairt
- 3 Eagla agus imní faoi choireacht
- 3 Infheictheacht an Gharda Síochána
- 4 Sástacht leis an nGarda Síochána
- 4 Ionntaobh sa Gharda Síochána
- 5 Comhionannas cóireála ag an nGarda Síochána
- 6 Braistintí faoi eagraíocht an Gharda Síochána
- 6 Conclúid




● Mná ● Fir



● 18-24 ● 25-34 ● 35-44
● 45-54 ● 55-64 ● 65+



● F ● AB ● C1 ● C2 ● DE




● Neamh-Éireannach ● Éireannach

Braistintí na Coireachta


In R3 2018, bhraith 71% de na freagróirí gur fadhb tromchúiseach nó fíor-thromchúiseach í an choireacht. Tháinig sé sin anuas faoi 4 phointe céatadán idir an dá ráithe is déanaí. I gcomparáid, le linn R3 2018, mhaígh 18% de na freagróirí gur fadhb tromchúiseach nó fíor-thromchúiseach

í an choireacht áitiúil, anuas faoi 4% ó R2 2018. Braitheann freagróirí an tsuirbhé go fóill gur fadhb níos tromchúisí í an choireacht náisiúnta i gcomparáid leis an gcoireacht ina gceantar áitiúil.

Braistintí i Leith na Coireachta Náisiúnta





Braistintí i Leith na Coireachta Áitiúla



● Fadhb Fíor-Thromchúiseach ● Fadhb Thromchúiseach ● Fadhb Éigin ● Fadhb ar Bith

An Íospairt



D'fhan an ráta íospairtha ag 5.5% le linn Q3 2018. Mhaígh 76% de na híospartaigh ar cuireadh agallamh orthu gur thuairiscigh siad an teagmhas coíre ba dhéanaí a bhain dóibh chuig an nGarda Síochána. Idir an dá shuirbhé, tháinig laghdú araon ar an ráta íospairtha agus comhréir na n-íospartach a thuairiscigh an teagmhas coire a bhain dóibh leis an nGarda Síochána. Le linn Q3 2018, d'fhan sástacht i measc íospartaigh ó choireacht (a thuairiscigh an coireacht a bhain dóibh leis

na Gardaí) ag 68%, ardú 17 pointe céatadán i gcomparáid leis an ráithe céanna an bhliain seo caite. Le linn Q3 2018, d'fhan comhréir na n-íospartach a bhraith go bhfuair siad an méid ceart faisnéise ag 37%. Is laghdú suntasach é sin ón tsuirbhé is déanaí. Cé is moite de sin, ós rud é gur bheag é sampla ráithiúil na n-íospartach ó choireacht, ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint as na hathruithe.

1 Áiríodh leis sin bheith ina íospartach buirgléireachta, gada, robála, damáiste choiriúil, ionsaithe, nó calaoise


2 Chonaic 83 freagróir an íospairt sa 12 mhí roimhe sin

3 Thuairiscigh 63 íospairt an coir a bhain dóibh leis an nGarda Síochána

Eagla agus Imní faoi Choireacht

Le linn Q3 2018, thuairiscigh leath de na freagróirí nach raibh siad imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh coireachta. Ar shuirbhéanna déanta le déanaí, tháinig ardú de réir a chéile ar chomhréir na bhfreagróirí a thuairiscigh nach raibh siad imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh coireachta. I measc na ndaoine sin a bhí imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh coireachta, bhí 3% imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh díobhála pearsanta, bhí 11% imníoch faoi ghoid nó damáiste maoin, agus 36% imníoch faoi bheith ina n-íospartaigh an dá cheann. Thar an tréimhse céanna, thuairiscigh 35% de na freagróirí nach raibh faitíos orthu faoin leibhéal coireachta ginearálta; d'fhan sé sin comhsheasmhach go leor thar na suirbhéanna is déanaí. I measc na ndaoine sin a thuairiscigh go raibh faitíos orthu, bhain go leor faitíos do 3%, bhain roinnt faitíos do 28% agus thuairiscigh 35% gur bheag faitíos a bhain dóibh. Thuairiscigh seasca faoin gcéad de na freagróirí nach raibh tionchar ar bith ag a bhfaitíos roimh choireacht ar a gcáilíocht bheatha, anuas faoi 6% ó R2 2018 agus anuas 10 bpointe céatadán idir Q3 2017 agus Q3 2018. I measc na ndaoine sin a thuairiscigh go raibh tionchar ag a bhfaitíos

roimh choireacht ar a gcáilíocht bheatha, mhaígh 26% gur laghdaigh sé sin a gcáilíocht bheatha beagáinín, thuairiscigh 11% gur laghdaigh sé go cuibheasach measartha agus 1% gur laghdaigh sé a gcáilíocht bheatha go mór.




Infheictheacht an Gharda


In R3 2018, bhí 37% de na freagróirí ar an eolas faoi phatróil an Gharda ina gceantar áitiúil. D'fhan infheictheacht an Gharda comhsheasmhach go leor idir 36% agus 39% ó R3 2017. Le linn R3 2018, mheas 4 as 10 bhfreagróir go raibh

líon an Gharda ar an láthair timpeall an leibhéal chirt. D'fhan sé sin a bheag nó a mhór comhsheasmhach thar an tréimhse Q3 2017 go Q3 2018.

Patróil Áitiúla an Gharda



Líon an Gharda ar an Láthair go hÁitiúil




Sástacht leis an nGarda Síochána

In R3 2018, thuiriscigh 80% de na freagróirí go raibh siad sásta leis an seirbhís á soláthair ag an nGarda Síochána chuig pobail áitiúla, ardú 6% ón tréimhse céanna i 2017 agus aníos 3% ón pointe tomhais is déanaí. Go ginearálta, i suirbhéanna déanta le déanaí, tá sástacht leis an seirbhís a sholáthraíonn An Garda Síochána do phobail áitiúla ag ardú ina treochtaí. I mí Eanáir 2018, cuireadh ceithre cheist nua leis chun gnéithe sonracha na seirbhíse soláthraithe do phobail áitiúla a fhiosrú. In R3 2018, d'aontaigh 76% de na freagróirí gur féidir brath ar na Gardaí chun a bheith ar fáil nuair is gá, agus d'aontaigh os cionn triain de na freagróirí (37%) go raibh droch-chaidrimh ag an bpobal leis na póilíní. Chreid ochtó a haon faoin gcéad gur éist na Gardaí le buairtí na ndaoine áitiúla. Tháinig laghdú air sin thar an gcúpla ráithe is déanaí. Ar deireadh, d'aontaigh 43% de na freagróirí nach bhfuil na Gardaí ag déileáil le hábhair a bhfuil tábhacht acu do na daoine sa phobal áitiúil. De réir breac-chuntais ar an réamhrá, baineadh na freagraí éiginnte agus diúltaithe ón anailís más ionann an t-íomlán dóibh agus 10% de na freagraí go léir. Ar

mhaithe le hiomláine, taispeántar comhréireanna leis agus gan na freagraí éiginnte sa chairt agus tábla seo.


Sástacht leis an nGarda Síochána



	R1 2018 % Aontaithe gan freagraí éiginnte	R1 2018 % Aontaithe le freagraí éiginnte	R2 2018 % Aontaithe gan freagraí éiginnte	R2 2018 % Aontaithe le freagraí éiginnte	R3 2018 % Aontaithe gan freagraí éiginnte	R3 2018 % Aontaithe le freagraí éiginnte
Is féidir brath ar na póilíní sa cheantar seo chun a bheith ar fáil nuair is gá	79%	70%	74%	66%	76%	70%
Tá droch-chaidrimh ag an bpobal leis na póilíní	35%	29%	37%	31%	37%	32%
Éisteann na póilíní sa cheantar seo le buairtí na ndaoine áitiúla	84%	69%	83%	70%	81%	70%
Níl na póilíní ag déileáil leis na hábhair a bhfuil tábhacht acu do na daoine sa phobal seo	38%	31%	45%	36%	43%	36%

Iontaoibh in An Garda Síochána

Le linn R3 2018, d'áitigh 91% de na freagróirí go raibh leibhéal meánach go hard muiníne acu as an nGarda Síochána. Fanann iontaoibh in eagrais an Gharda comhsheasmhach go fóill thar suirbhéanna difriúla.




Caitheamh combhionann ag an nGarda Síochána


In R3 2018, d'aontaigh 93% de na freagróirí (90% nuair a chuirtear freagraí éiginnte leis) go mbeadh meas ag na Gardaí asat dá rachfá i dteagmháil leo ar aon chúis. Cé is moite de sin, bhí laghdú ar líon na ndaoine sin a aontaíonn go mór leis an ráiteas sin thar na suirbhéanna is déanaí. Nuair a chuireadh ceist ar na freagróirí an gcaitheann na

Gardaí sa cheantar ar bhealach cóir le gach duine cé is moite d'fhéiniúlacht na ndaoine sin, d'aontaigh 79% (66% nuair a chuirtear freagraí éiginnte leis). Nuair a bhí an cheist sin á cur orthu, d'fhreagair níos mó ná 10% de na freagróirí "níl a fhios agam". Dá bhrí sin, taispeántar comhréireanna leis agus gan na freagraí éiginnte don dá cheist ar na cairteacha thíos.

Bíonn Meas ag na Gardaí as Gach Duine




Caitheann na Gardaí go Cothrom le Gach Duine



● Aontaíonn go Láidir
 ● Aontaíonn
 ● Easaontaíonn
 ● Easaontaíonn go Láidir
 ● Éiginnte

Braistintí i leith eagrais an Gharda



De réir breac-chuntais déanta cheana, baineadh na freagraí éiginnte agus diúltaithe ón anailís más ionann an t-íomlán dóibh agus 10% de na freagraí go léir. Ar mhaithe le hiomláine, taispeántar comhréireanna leis agus gan na freagraí éiginnte (idir lúbíní) sa chairt. Le linn R3 2018, d'aontaigh 92% de na freagróirí go raibh An Garda Síochána cairdiúil nó cabhrach; d'aontaigh 74% gur chuir an eagrais fócas ar an bpobal; cheap 69% gur eagrais nua-aimseartha agus forásach a bhí ann; thuairiscigh 66% go raibh An Garda Síochána éifeachtach ag dul i ngleic leis an gcoireacht;

d'aontaigh 54% go raibh an t-eagrais dea-bhainistithe agus cheap 45% go soláthraíonn An Garda Síochána seirbhís póilíneachta de scoth domhanda. Idir an dá shuirbhé is déanaí, tháinig ardú don chuid is mó ar bhraistintí i leith eagrais an gharda ar feadh bearta d'éifeachtacht agus cumas, ar bhealach is suntasaí ó thaobh na braistinte go bhfuil an t-eagrais dea-bhainistithe (+11%). Bíonn dea-thuairimí fós ag an gcuid is mó de na freagróirí maidir le cumas an Gharda Síochána le bheith cairdiúil agus cabhrach, le fócas ar an bpobal agus nua-aimseartha nó forásach.

Conclúid

Foilsíonn An Garda Síochána torthaí óna Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail ar bhonn ráithiúil anois. Bíonn an obair coimisiúnaithe ag an nGarda Síochána agus an obair allamuigh críochnaithe ag Amárach Research. Is féidir teacht ar na feasacháin agus tuarascálacha foilsithe roimhe seo ag www.garda.ie.

Nuair a fiafraíodh d'fhreagróirí faoina mbraistintí i leith na coireachta, mheas an móramh go raibh fadhb na coireachta náisiúnta níos tromchúisí ná fadhb na coireachta ina gceantar áitiúil. Tháinig laghdú ar an mbraistint i leith tromchúise na fadhb a bhaineann le coireacht náisiúnta agus áitiúil araon idir an dá shuirbhé is déanaí déanta.

Le linn R3 2018, d'fhan an ráta íospártha ag 5.5%, agus comhréir na n-íospartach a thuairiscigh an coireacht a bhain dóibh leis na Gardaí ag 76%. Idir an dá phointe tomhais is déanaí, tháinig laghdú araon ar an ráta íospártha agus comhréir na n-íospartach a thuairiscigh an teagmhas coire a bhain dóibh de réir treochta. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go méadaítear an lamháil earráide agus an anailís á déanamh ar choibhnis níos lú an tsampla. Mar a bhí ráite cheana, ní mór a bheith cúramach nuair atáthar ag baint céille de thorthaí na hanailíse ó chomhréireanna beaga íospartach.

Idir R3 2017 agus R3 2018, bhí ardú i gcomhréir na bhfreagróirí a thuairiscigh nach raibh imní orthu faoin dóchúlacht gur féidir leo a bheith ina n-íospartaigh coireachta. Cé is moite de sin, bhí laghdú ar chomhréir na ndaoine sin a thuairiscigh faitíos roimh an leibhéal coireachta ginearálta agus nach raibh aon thionchar ag a bhfaitíos roimh choireacht ar a gcáilíocht bheatha. Leanfaidh an monatóireacht ar ghaidh de réir is a foilsítear na torthaí.

D'fhan an fheasacht i leith phatróil an Gharda ag 37% i gcomhair R3 2018, agus tá braistintí i leith líon an Gharda ar an láthair ag an leibhéal ceart ag 40% i gcomhair R3 2018. Thuairiscigh ocht i ngach deich bhfreagróir go raibh siad sásta leis an seirbhís á soláthair ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla. Tháinig méadú air sin ag 6 phointe céatadáin ó R3 2017.

Tá iontaobh an phobail in eagrais an Gharda fós ard ag 91%. Chreid móramh mór na bhfreagróirí go gcaithfeadh na Gardaí leo, nó le daoine eile, le meas, is cuma faoina bhféiniúlacht, dá rachfadh siad i dteagmháil leo ar aon chúis. I gcomhaontú ginearálta thar bearta, fanann éifeachtacht agus cumas de chuid eagrais an Gharda comhsheasmhach thar pointí tomhais, agus tháinig ardú le déanaí ar bhraistintí gur eagrais dea-bhainistithe é an Garda.